2021. M71T 2021L014A1IL

**Coimisiún na Scrúduithe Stáit**
*State Examinations Commission*

**SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA, 2021**

# EALAÍN

## Stair agus Léirthuiscint na hEalaíne

### Ardleibhéal

Tá 100 marc ag gabháil leis an bpáipéar seo

**Déardaoin, 17 Meitheamh** **Tráthnóna, 2:00 – 4:30**

## Treoracha

Ní mór duit DHÁ cheist a fhreagairt. Ní mór gach ceist a thógáil as roinn éagsúil.

- Roinn I (An Ealaín in Éirinn)
- Roinn II (Ealaín na hEorpa, 1,000 AD - An Lá Inniu)
- Roinn III (Léirthuiscint na hEalaíne).

Tá na ceisteanna uile ar cómharc (50).

Ba chóir sceitsí agus léaráidí a úsáid chun do chuid pointí a léiriú.

Déan tagairt, de réir mar a chuirtear sin in iúl, do na ***léaráidí atá ar an mbileog a ghabhann leis an bpáipéar seo***.

Rinneadh coigeartuithe ar scrúdpháipéir 2021 d'fhonn aon chur isteach ar an bhfoghlaim a tharla de bharr COVID-19 a chúiteamh. D'fhéadfadh sé nach bhfuil an struchtúr agus an leagan amach céanna ar an scrúdpháipéar seo is a bhí ar scrúdpháipéir i mblianta eile roimhe nó ina dhiaidh seo.

## Roinn I – An Ealaín in Éirinn

**1.** Rinneadh forbairt shuntasach ar dhearadh agus ar struchtúr séadchomharthaí cloiche le linn na Clochaoise in Éirinn.
Déan plé ar an ráiteas seo agus tagairt á déanamh agat do **dhá** shéadchomhartha cloiche ainmnithe de chineálacha difriúla. Bíodh tagairt agat i do fhreagra don fhoirm, don fheidhm agus do na teicnící tógála i gcás gach ceann de na samplaí a phléitear.
**agus**
Déan cur síos agus plé achomair ar na móitífeanna agus ar na teicnící saoirseachta cloiche ar baineadh úsáid astu chun séadchomharthaí na Clochaoise a mhaisiú.
*Léirigh do fhreagra.*

**2.** Ainmnigh agus déan cur síos agus plé ar an **dá** dhéantúsán ***atá léirithe ar an mbileog leis seo***.
Bíodh tagairt agat i do fhreagra don fhoirm, don fheidhm, don mhaisiúchán agus do na teicnící a úsáideadh le linn gach déantúsán díobh a dhéanamh.
**agus**
Déan cur síos agus plé achomair ar na réanna ina ndearnadh na déantúsáin seo.
*Léirigh do fhreagra.*

**3.** Tá an ealaíontacht agus an sárchumas teicníce a bhain le miotalóireacht Éireannach san 8ú haois le feiceáil i **nDealg na Teamhrach**.
Déan an ráiteas seo a phlé agus tagairt á déanamh agat don fhoirm, don fheidhm, don mhaisiúchán agus do na teicnící a úsáideadh le linn a déanta.
**agus**
Déan cur síos agus plé achomair ar dhéantúsán miotail ainmnithe **amháin** eile ón ré chéanna.
*Léirigh do fhreagra*.

**4.** Roghnaigh **ceann amháin** de na foirgnimh seo a leanas:
- Teach Bhaile an Chaisleáin
- An Casino i Marino
- Teach an Chustaim, Baile Átha Cliath.

Ainmnigh ailtire/ailtirí an fhoirgnimh a roghnaigh tú. Déan cur síos agus plé ar ghnéithe ailtireachta an fhoirgnimh a roghnaigh tú, idir struchtúracha agus mhaisiúla.
**agus**
Déan cur síos achomair agus plé ar fhoirgneamh ainmnithe **amháin** eile leis an ailtire céanna.
*Léirigh do fhreagra.*

**5.** Féachtar ar William John Leech (1881-1968) mar dhuine de na dathadóirí ab fhearr de chuid Ealaín na hÉireann.
Déan plé ar an ráiteas seo agus tagairt á déanamh agat do '**Gairdín Chlochair**, **an Bhriotáin**', ***atá léirithe ar an mbileog leis seo.*** Bíodh tagairt agat i do fhreagra don ábhar, don chomhdhéanamh, don stíl agus do na teicnící.
**agus**
Déan cur síos agus plé achomair ar shaothar ainmnithe **amháin** eile le William John Leech.
*Léirigh do fhreagra.*

**6.** Tá níos mó i gceist leis an bportráidíocht ná cuma an duine a thaifeadadh; is féidir úsáid a bhaint as portráidí chun cumhacht, suáilce, áilleacht, saibhreas, pearsantacht, léann nó tréithe eile an tsuiteora a thaispeáint.
Déan plé ar an ráiteas seo agus tagairt á déanamh agat do '**Phortráid de Henry Shefflin (r. 1979)**, **Iománaí**' ***atá léirithe ar an mbileog leis seo***. Bíodh tagairt agat i do fhreagra don ábhar, don chomhdhéanamh, do dhath(anna), don stíl agus do na bunábhair.
**agus**
Déan cur síos agus plé achomair ar phortráid ainmnithe **amháin** eile le healaíontóir ainmnithe Éireannach.
*Léirigh do fhreagra*.

**7.** Roghnaigh duine **amháin** díobh seo a leanas:
- John Henry Foley (1818-1874)
- Harry Clarke (1889-1931)
- Nano Reid (1900-1981)
- Francis Bacon (1909-1992)
- Tony O'Malley (1913-2003)
- Rowan Gillespie (r.1953)
- Alice Maher (r.1956).

Déan cur síos agus plé ar shaothar an ealaíontóra a roghnaigh tú, agus déan tagairt mhionsonraithe do **dhá** shaothar ainmnithe leis an ealaíontóir sin. Bíodh tagairt agat i do fhreagra don ábhar, don stíl, do na meáin/bunábhair, do na teicnící agus do thionchair.
*Léirigh do fhreagra.*

## Roinn II – Ealaín na hEorpa (1,000 AD – An Lá Inniu)

**8.** Mheabhraigh an dealbhóireacht Rómhánúil d'oilithrigh aithrí a dhéanamh agus slánú a lorg. Déan plé ar an ráiteas seo agus tagairt á déanamh agat do shampla ainmnithe **amháin** de dhealbhóireacht Rómhánúil a bhfuil staidéar déanta agat air. Bíodh tagairt agat i do fhreagra don suíomh, don chomhdhéanamh/don fhoirm, don ábhar agus do láimhseáil na fíorach daonna.
**agus**
Déan cur síos agus plé achomair ar phríomhghnéithe na hailtireachta Rómhánúla.
*Léirigh do fhreagra.*

**9.** Is duine de na healaíontóirí is tábhachtaí i bhforbairt Ealaín an Iarthair é Giotto di Bondone (c.1267-1337).
Déan an ráiteas seo a phlé agus tagairt á déanamh agat do shaothar ainmnithe **amháin** le Giotto di Bondone. Bíodh tagairt agat i do fhreagra don ábhar, don chomhdhéanamh, don stíl, do na teicnící agus do láimhseáil na fíorach daonna.
**agus**
Déan cur síos agus plé achomair ar shaothar ainmnithe **amháin** eile le Giotto di Bondone.
*Léirigh do fhreagra.*

**10.** Tá a lán de na nuálaíochtaí ealaíne a tháinig chun cinn le linn an Ard-Renaissance le feiceáil i saothair Raphael (1483-1520).
Déan an ráiteas seo a phlé agus tagairt á déanamh agat do '**Scoil na hAithne**', ***atá léirithe ar an mbileog leis seo***. Bíodh tagairt agat i do fhreagra don ábhar, don chomhdhéanamh, don stíl, do na teicnící agus do láimhseáil na fíorach daonna.
**agus**
Déan cur síos agus plé achomair ar shaothar ainmnithe **amháin** eile le Raphael.
*Léirigh do fhreagra.*

**11.** Thaispeáin saothar Jean-François Millet (1814-1875) an bhochtaineacht agus an dínit araon a bhí ag gabháil le saol tuaithe na Fraince.
Déan plé ar an ráiteas seo agus tagairt á déanamh agat don phictiúr '**Na Díolamóirí**', ***atá léirithe ar an mbileog leis seo***. Bíodh tagairt i do fhreagra don ábhar, don chomhdhéanamh, don stíl, do na teicnící agus do láimhseáil na fíorach daonna.
**agus**
Déan cur síos agus plé achomair ar shaothar ainmnithe **amháin** eile le Jean-François Millet.
*Léirigh do fhreagra.*

**12.** Ba mháistir in úsáid an tsolais, na ndathanna agus na gluaiseachta é Pierre-Auguste Renoir (1841-1919).
Déan plé ar an ráiteas seo agus tagairt á déanamh agat don '**Damhsa ag Le Moulin de la Galette**', ***atá léirithe ar an mbileog leis seo***. Bíodh tagairt agat i do fhreagra don ábhar, don chomhdhéanamh, don stíl, do na teicnící agus do dhath(anna).
**agus**
Déan cur síos agus plé achomair ar shaothar ainmnithe **amháin** eile le Pierre-Auguste Renoir.
*Léirigh do fhreagra.*

**13.** Fuair Piet Mondrian (1872-1944) spreagadh ó rialacha fíor-theibí na céimseata agus na ndathanna.
Déan plé ar an ráiteas seo agus tagairt á déanamh agat do '**Broadway Boogie Woogie**'***, atá léirithe ar an mbileog leis seo***. Bíodh tagairt agat i do fhreagra don ábhar, don chomhdhéanamh, don stíl agus do dhath(anna).
**agus**
Déan cur síos agus plé achomair ar shaothar ainmnithe **amháin** eile le Piet Mondrian.
*Léirigh do fhreagra.*

**14.** Freagair (a), (b), agus (c).

(a) Roghnaigh agus ainmnigh saothar le duine **amháin** díobh seo a leanas:
- Jan van Eyck (c.1390-1441)
- El Greco (1541-1614)
- Jean-Auguste-Dominique Ingres (1780-1867)
- Paul Gauguin (1848-1903)
- Henry Moore (1898-1986).

(b) Déan cur síos agus plé mionsonraithe ar an saothar atá roghnaithe agat, agus bíodh tagairt agat don ealaíontóir, don ábhar, don stíl, don fhoirm/chomhdhéanamh, do na bunábhair, do na teicnící agus don ré ina ndearnadh an saothar.

(c) Ainmnigh saothar **amháin** eile leis an ealaíontóir a roghnaigh tú, agus déan cur síos agus plé achomair air.

*Léirigh do fhreagra.*

**15.** Freagair(a), (b), agus (c).

(a) Déan plé ar fhorbairt ceann **amháin** de na stíleanna nó de na gluaiseachtaí ealaíne seo a leanas:
- Baróc
- Rocócó
- Ciúbachas
- Todhchaíochas.

(b) Déan cur síos ar phríomhghnéithe na stíle nó na gluaiseachta a roghnaigh tú.

(c) Déan cur síos agus plé ar shaothar ainmnithe **amháin** le healaíontóir ainmnithe a bhfuil a s(h)saothar ina eiseamláir thipiciúil den stíl nó den ghluaiseacht seo.

*Léirigh do fhreagra.*

## Roinn III - Léirthuiscint na hEalaíne

**16.** Tá difríocht idir cuairt a thabhairt ar láthair taispeántas agus/nó déantúsáin a fheiceáil os do chomhair amach le hais a bheith ag féachaint ar dhéantúsáin ar líne.
Déan plé ar an ráiteas seo agus tagairt á déanamh agat do ghailearaí, músaem nó ionad léirmhíniúcháin ainmnithe ar thug tú cuairt air **tú féin i bpearsa nó ar líne**. Déan cur síos agus plé ar **dhá** dhéantúsán ainmnithe ar chuir tú suim iontu, agus mínigh conas a chuaigh an t-eispéireas i bhfeidhm ar do chuid foghlama.
**agus**
Tabhair breac-chuntas achomair ar do chuid smaointe faoi conas a d'fhéadfadh taispeántas scoile/oíche oscailte úsáid a bhaint as teicneolaíocht chun eispéireas cuairteoirí ar líne a chruthú i gcás nach mbíonn teacht ar an spás fisiciúil.
*Léirigh do fhreagra.*

**17.** Is féidir le saothair ealaíne mhór-scála díol spéise amhairc a chur ar fáil i dtírdhreach uirbeach, agus ina theannta sin is féidir leo teachtaireachtaí de chuid na ré comhaimseartha a chur in iúl.
Déan plé ar an ráiteas seo agus tagairt á déanamh agat don ***léaráid atá ar an mbileog leis seo***. Bíodh tagairt agat i do fhreagra don suíomh, don ábhar, don scála agus don éifeacht ó thaobh amhairc de.
**agus**
Tabhair breac-chuntas achomair ar na coincheapa amhairc atá agat le haghaidh múrmhaisithe i do cheantar féin chun teachtaireacht faoin bhfolláine a chur in iúl. Tabhair fáthanna le do chinntí dearaidh.
*Léirigh do fhreagra.*

**18.** Is féidir an obair ealaíne a bhíonn i leabhar grinn nó in úrscéal grafach a chur in oiriúint go héifeachtach trí theicnící na scannánaíochta agus teicneolaíocht a úsáid chun carachtair agus cruinní a léiriú ar scáileán.
Déan plé ar an ráiteas seo agus tagairt á déanamh agat do scannán beo-aicsin ainmnithe **amháin** de do rogha féin a cuireadh in oiriúint ó leabhar grinn nó ó úrscéal grafach. Bíodh tagairt agat i do fhreagra do theicnící na scannánaíochta agus don teicneolaíocht, do charachtair, don fheisteas agus do dhearadh seiteanna.
**agus**
Tabhair breac-chuntas achomair ar na coincheapa amhairc atá agat le haghaidh carachtair atá bunaithe ar dhuine ón saol iarbhír agus a bhfuil meas agat air. Is cóir go mbeadh do dhearadh oiriúnach i gcomhair leabhar grinn nó úrscéal grafach. Tabhair fáthanna le do chinntí dearaidh.
*Léirigh do fhreagra*.

**19.** Caithfidh a lán daoine a oibríonn ón mbaile machnamh a dhéanamh faoin gcaoi ar féidir spás oibre oifige a chruthú go héifeachtach i dtimpeallacht a mbaile féin.
Déan plé ar an ráiteas seo agus tagairt á déanamh agat do spás maireachtála de do rogha féin. Déan tagairt i do fhreagra don spás, don fheidhm, don leagan amach agus don soilsiú.
**agus**
Tabhair breac-chuntas achomair ar na coincheapa amhairc atá agat le haghaidh eagraí deisce a thabharfadh cúnamh duit obair nó staidéar a dhéanamh sa bhaile. Bíodh spás san áireamh ann do ghléas, ábhair agus trealamh eile. Tabhair fáthanna le do chinntí dearaidh.
*Léirigh do fhreagra*.

**20.** Is struchtúir fheidhmiúla iad droichid ar féidir leo láithreacht láidir dealbhóireachta a chruthú sa tírdhreach.
Déan plé ar an ráiteas seo agus tagairt á déanamh agat don droichead atá ***atá léirithe ar an mbileog leis seo***. Bíodh tagairt agat i do fhreagra don fhoirm, don scála, don suíomh agus don éifeacht ó thaobh amhairc de.
**agus**
Tabhair breac-chuntas achomair ar na coincheapa amhairc atá agat le haghaidh ionad suí faoin aer agus/nó ionad itheacháin le haghaidh mac léinn, áit a dtugtar an tosaíocht chéanna don fhoirm agus don fheidhm. Tabhair fáthanna le do chinntí dearaidh.
*Léirigh do fhreagra.*

Níl aon ábhar scrúdaithe ar an leathanach seo